

I

(Gníomhartha reachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN (AE) Uimh. 472/2013 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE
an 21 Bealtaine 2013

maidir le neartú ar an bhfaireachas eacnamaíoch agus buiséadach ar Bhallstáit sa limistéar euro a bhfuil deacrachtaí tromchúiseacha acu nó a bhfuil deacrachtaí tromchúiseacha ag bagairt orthu i ndáil lena gcobhsaíocht airgeadais

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

sóisialta a chomhrac agus le hardleibhéal oideachais, oiliúna agus cosanta do shláinte an duine.

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 136, i gcomhar le hAirteagal 121(6) de,

(3) Ba cheart comhsheasmhacht iomlán chreat iltaobhach faireachais an Aontais a bunaíodh le CFAE agus na coinníollacha beartais a d'fhéadfadh a bheith ceangailte le cúnamh airgeadais a chumhdach i ndlí an Aontais. Ar mhaithe le comhtháthú eacnamaíoch agus airgeadais na mBallstát uile, go háirithe iad siúd a bhfuil an euro mar airgeadra acu, teastaíonn faireachas feabhsaithe chun cosc a chur ar aicídú ar an gcuid eile den limistéar euro agus, ar bhonn níos leithne, ar an Aontas ina iomláine ó Bhallstát a bhfuil deacrachtaí tromchúiseacha aige nó a bhfuil deacrachtaí tromchúiseacha ag bagairt air i ndáil lena chobhsaíocht airgeadais.

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ón mBanc Ceannais Eorpach ⁽¹⁾,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ⁽²⁾,

(4) Ba cheart déine faireachais eacnamaíoch agus bhuiséadaigh a bheith i gcomhréir agus i gcoibhneas le déine na ndeacrachtaí airgeadais atá ann agus ba cheart cineál an chúnamh airgeadais atá á fháil a thabhairt i gcuntas mar is iomchuí, mar go bhféadfadh an cúnamh airgeadais a bheith aon áit sa raon ó thacaíocht réamhchúraim shimplí bunaithe ar choinníollacha incháilitheachta go clár iomlán coigeartaithe maicreacnamaíoch lena mbeadh dianchoinníollacht bheartais i gceist. Ba cheart d'aon chlár coigeartaithe maicreacnamaíoch aird a thabhairt ar chlár athchóirithe náisiúnta an Bhallstáit lena mbaineann i gcomhthéacs straitéis an Aontais d'fhás agus do phoist.

De bharr an méid seo a leanas:

(1) De dheasca na géarchéime domhanda gan fasach lena bhfuil an domhan buailte ó 2007 i leith, tá damáiste tromchúiseach déanta d'fhás eacnamaíoch agus do chobhsaíocht airgeadais agus tháinig meathlú mór ar riocht easnamh agus fiachas rialtais na mBallstát, sa dóigh go raibh ar roinnt acu cúnamh airgeadais a lorg laistigh agus lasmuigh de chreat an Aontais.

(2) Foráiltear in Airteagal 9 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), gur gá don Aontas agus a chuid beartas agus gníomhaíochtaí á sainiú agus á gcur chun feidhme aige, aird a thabhairt ar cheanglais atá nasctha le hardleibhéal fostaíochta a chur chun cinn, le cosaint shóisialta leormhaith a ráthú, leis an eisiámh

(5) Ba cheart Ballstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu bheith faoi réir faireachais fheabhsaithe faoin Rialachán seo nuair atá deacrachtaí airgeadais tromchúiseacha aige nó nuair atá deacrachtaí tromchúiseacha airgeadais ag bagairt air, d'fhonn a áirithiú go bhfillfidh sé ar ghnáthstaid go luath agus d'fhonn Ballstáit eile an limistéir euro a chosaint ar éifeachtaí díobhálacha féideartha. Ba cheart faireachas feabhsaithe den sórt sin a bheith i gcoibhneas le déine na bhfadhbanna agus ba cheart é a choigeartú dá réir sin. Ba cheart a áireamh leis sin, rochtain níos forleithne ar fhaisnéis a theastaíonn

⁽¹⁾ IO C 141, 17.5.2012, lch. 7.

⁽²⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 12 Márta 2013 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 13 Bealtaine 2013.

chun dlúthfhaireachán a dhéanamh ar an staid eacnamaíoch, bhuiséadach agus airgeadais, agus tuairisciú tráthrialta chuig coiste inniúil Pharlaimint na hEorpa agus chuig an gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais (CEA) nó chuig aon fhochoiste a shannfaidh an coiste sin chun na críche sin. Ba cheart feidhm a bheith ag na socruithe faireachais céanna maidir le Ballstáit a iarrann cúnaimh réamhchúraim ó Bhallstát eile amháin nó ó roinnt Ballstát eile nó ó thríú tír amháin eile nó ó roinnt tríú tíortha eile, ón tSaoráid Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais (SaorCAE), ón Sársa Cobhsaíochta Eorpach (SCE), nó ó institiúid airgeadais idirnáisiúnta ábhartha eile amhail an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI).

- (6) Ba cheart do Bhallstát atá faoi réir faireachais fheabhsaithe bearta a ghlacadh, freisin, a mbeidh sé mar aidhm acu dul i ngleic le húdair deacrachtaí nó le nithe a d'fhéadfadh a bheith ina n-údar deacrachtaí. Chun na críche sin, ba cheart dó aird a thabhairt ar na moltaí go léir atá dírithe air i gcúrsa nós imeachta um easnamh iomarcach nó nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíochta iomarcacha.
- (7) Ba cheart faireachas eacnamaíoch agus buiséadach a neartú i gcás Ballstát atá faoi réir clár coigeartaithe maicreacnamaíoch. De bharr gur clár cuimsitheach clár den sórt sin, ba cheart na próisis eile faireachais eacnamaíoch agus bhuiséadaigh a chur ar fionraí nó, nuair is iomchuí, a shruthlíniú ar feadh thréimhse an chláir de choigeartuithe maicreacnamaíochta, d'fhonn comhsheasmhacht i bhfaireachas ar bheartas eacnamaíoch a áirithiú agus dúbailt oibleagáidí tuairiscithe a sheachaint. Mar sin féin, agus an clár coigeartaithe maicreacnamaíoch á ullmhú, ní mór aird a thabhairt ar na moltaí go léir arna ndíriú ar an mBallstát i gcúrsa nós imeachta um easnamh iomarcach nó nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíochta iomarcacha.
- (8) Tá méadú mór tagtha ar na dúshláin a bhaineann le calaois chánach agus le himghabháil cánach. Le domhandú an gheilleagair, forbairtí teicneolaíochta, idirnáisiúnta calaoise agus idirspéachas na mBallstát a thagann dá bharr sin léirítear teorainneacha cur chuige atá fíor-náisiúnta, rud a a athneartaíonn an riachtanas a bhaineann le gníomhaíocht chomhpháirteach.
- (9) Ba cheart dul i ngleic leis na fadhbanna a bhaineann le calaois chánach agus le himghabháil cánach i mBallstáit atá faoi réir clár coigeartaithe maicreacnamaíoch trí bhithin bailiú ioncaim a fheabhsú sna Ballstáit sin agus tríd an gcomhar idir na ranna riaracháin ioncaim san Aontas agus i dtríú tíortha.
- (10) Ba cheart rialacha a leagan síos chun an comhphlé idir institiúidí an Aontais a fheabhsú, go háirithe idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún,

agus chun tuilleadh trédhearcachta agus cuntasachta a áirithiú. Ba cheart parlaimint Ballstáit atá faoi réir clár coigeartaithe maicreacnamaíoch nó faoi réir faireachais fheabhsaithe a choinneáil ar an eolas i gcomhréir le rialacha agus cleachtais náisiúnta.

- (11) Ba cheart do Bhallstáit páirt a thabhairt do na comhpháirtithe sóisialta agus d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta maidir i gclár um chúnamh airgeadais a ullmhú agus a chur chun feidhme agus i bhfaireachán agus meastóireacht a dhéanamh orthu, i gcomhréir le rialacha agus cleachtais náisiúnta.
- (12) Sula ndéanfar an cinneadh ón a bhaineann le clár coigeartaithe maicreacnamaíoch a ghlacadh, ba cheart deis a bheith ag comhlachtaí ábhartha SCE agus SaorCAE díospóireacht a réachtáil ar thoradh na caibidlíochta idir an Coimisiún — ag feidhmiú thar ceann SCE nó SaorCAE i gcuibhreann leis an mBanc Ceannais Eorpach (BCE) agus nuair is iomchuí an CAI — agus an Ballstát tairbhí maidir leis na coinníollacha beartais atá i gceangal le cúnaimh airgeadais an Bhallstáit sin. Maidir le meabhráin tuisceana ina leagtar síos na coinníollacha mionsonraithe lena deonaítear cúnaimh airgeadais, glacfar iad faoin gConradh lena mbunaítear an Sársa Cobhsaíochta Eorpach agus faoin gCreat-Chomhaontú ShaorCAEu.
- (13) Mura bhforáiltear a mhalairt, ba cheart go gcumhdófaí tacaíocht airgeadais freisin le haon tagairtí a dhéantar sa Rialachán seo do chúnamh airgeadais arna dheonú ar bhonn réamhchúraim agus iasachtaí chun institiúidí airgeadais a athchaipitliú.
- (14) Ba cheart an cinneadh ón gCoimisiún Ballstát a chur faoi fhaireachas feabhsaithe faoin Rialachán seo a ghlacadh i ndlúthchomhar le CEA, an tÚdarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Baincéireachta Eorpach) arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽¹⁾, an tÚdarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Ghairme) a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽²⁾, an tÚdarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí) arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽³⁾ (dá ngairtear le chéile 'ÚMEanna') agus an Bord Eorpach um Riosca Sistéamach (BERS), arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le formhaoirseacht stuamachta ar an macraileibhéal ag an Aontas Eorpach ar an gcóras airgeadais agus lena mbunaítear Bord Eorpach um Riosca Sistéimeach⁽⁴⁾. Ba cheart don Choimisiún comhoibriú i gcuibhreann le CEA agus cinneadh á dhéanamh aige i dtaobh ar cheart faireachas feabhsaithe a fhadú.

⁽¹⁾ IO L 331, 15.12.2010, lch. 12.

⁽²⁾ IO L 331, 15.12.2010, lch. 48.

⁽³⁾ IO L 331, 15.12.2010, lch. 84.

⁽⁴⁾ IO L 331, 15.12.2010, lch. 1.

- (15) De bhun iarrata réasúnaithe ón mBallstát lena mbaineann nó ar fhorais imthosca eacnamaíochta eisceachtúla, is féidir leis an gCoimisiún a mholadh go laghdófaí nó go gcuirfí ar ceal aon taisce úsmhar, aon taisce neamhúsmhar nó aon fhíneáil atá ann cheana arna bhforchur ag an gComhairle faoi chuimsiú na coda coiscthí sin nó na coda ceartaithí den Chomhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis do Bhallstát a bheidh faoi réir clár coigeartaithe maicreacnamaíoch.
- (16) Ba cheart rochtain ar fhaisnéis ar an obair ullmhúcháin arna déanamh sula nglactar moladh faoin Rialachán seo bheith faoi réir Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid de chuid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin ⁽¹⁾.
- (17) Nuair a ghlactar cinneadh faoin Rialachán seo nach gcomhlíonann Ballstát na ceanglais atá ina chlár coigeartaithe maicreacnamaíoch, agus nuair a léirítear le teagmhais agus le hanailísí go soiléir go dteastaíonn sásra lena áirithiú go n-urramaítear na hoibleagáidí i leith a chuid creidiúnaithe agus go gcobhsaítear an staid eacnamaíoch agus airgeadais, iarrtar ar an gCoimisiún tograí a dhéanamh le haghaidh an tsásra sin.
- (18) Maidir leis an gcumhacht chun moltaí a ghlacadh i dtaobh bearta ceartaitheacha réamhchúraim a ghlacadh agus i dtaobh clár coigeartaithe maicreacnamaíoch a ullmhú; an chumhacht chun clár choigeartaithe maicreacnamaíoch a fhormheas; an chumhacht chun cinní a ghlacadh i dtaobh na bpríomhriachtanas beartais a bhfuil sé beartaithe ag SCE nó SaorCAE a áireamh sa choinníollacht maidir le cúnamh airgeadais arna dheonú ar bhonn réamhchúraim, iasachtaí arna ndéanamh chun institiúidí airgeadais a athchaipitliú nó in aon in ionstraim airgeadais nua arna comhaontú faoi chuimsiú SCE, agus an chumhacht chun glacadh bearta ceartaitheacha a mholadh do Bhallstáit atá faoi fhaireachas iarchláir, ba cheart í a thabhairt don Chomhairle. Is cumhachtaí iad sin a bhfuil ábharthacht ar leith ag baint leo maidir le beartas um chomhordú eacnamaíoch na mBallstát, ar bheart é atá le déanamh sa Chomhairle de bhun Airteagal 121 CFAE,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar agus raon feidhme

1. Leagtar síos leis an Rialachán seo forálacha maidir le neartú ar an bhfaireachas eacnamaíoch agus buiséadach ar Bhallstáit a bhfuil an euro mar airgeadra acu, i gcás inarb amhlaidh, maidir leis na Ballstáit sin:

- (a) go bhfuil deacrachtaí tromchúiseacha acu nó go bhfuil deacrachtaí tromchúiseacha ag bagairt orthu i ndáil lena

gcobhsaíocht airgeadais nó inbhuanaitheacht a gcuid airgeadais phoiblí, as a leanann éifeachtaí iarmharta féideartha ar Bhallstáit eile sa limistéar euro; nó

- (b) go n-iarrann nó go bhfaigheann siad cúnamh airgeadais ó Bhallstát amháin eile nó ó roinnt Ballstát eile nó ó thríú tír amháin eile nó ó roinnt tríú tíortha eile, an Sásra Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais (SásCAE), an Sásra Cobhsaíochta Eorpach (SCE), an tSaoráid Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais (SaorCAE) nó ó institiúid idirnáisiúnta airgeadais eile amhail an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI).

2. Leagtar síos sa Rialachán seo freisin forálacha maidir le comhordú níos fearr a dhéanamh ar an mbeartas eacnamaíoch.

3. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir leis na Ballstáit a bhfuil an euro mar airgeadra acu.

4. Agus an Rialachán seo á chur i bhfeidhm déanfaidh an Chomhairle, an Coimisiún agus na Ballstáit Airteagal 152 CFAE a urramú go hiomlán. Agus an Rialachán seo agus na moltaí arna nglacadh faoi á gcur i bhfeidhm, tabharfaidh an Chomhairle, an Coimisiún agus na Ballstáit aird ar rialacha agus ar chleachtais náisiúnta agus ar Airteagal 28 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Dá réir sin, ní dhéanann cur i bhfeidhm an Rialacháin seo agus na moltaí sin difear don cheart comhaontuithe comhchoiteanna a chaibidliú, a thabhairt i gcrích nó a fhorfheidhmiú ná gníomhaíocht chomhchoiteann a dhéanamh i gcomhréir leis an dlí náisiúnta.

Airteagal 2

Ballstáit atá faoi réir faireachais fheabhsaithe

1. Féadfaidh an Coimisiún cinneadh a dhéanamh chun Ballstát a bhfuil deacrachtaí tromchúiseacha aige nó a bhfuil deacrachtaí tromchúiseacha ag bagairt air i ndáil lena chobhsaíocht airgeadais, ar dóigh dó éifeachtaí iarmharta codarsnacha a bheith acu ar Bhallstáit eile sa limistéar euro, a chur faoi réir faireachais fheabhsaithe.

Agus measúnú á dhéanamh aige an faoi bhagairt deacrachtaí tromchúiseacha atá Ballstát ó thaobh a chobhsaíochta airgeadais, úsáidfidh an Coimisiún i measc paraiméadar eile an sásra rabhaidh arna bhunú faoi Airteagal 3(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíoch a chosc agus a cheartú ⁽²⁾ nó, i gcás ina mbeidh fáil air, an t-athbhreithniú domhain is déanaí. Deanfaidh an Coimisiún freisin measúnú cuimsitheach a sheoladh agus aird á tabhairt, go háirithe, ar choinníollacha iasachtaíochta an Bhallstáit sin, próifíl aisíocaíochta na n-oibleagáidí fiachais atá air, a stóinsí atá a chreat buiséadach, a inbhuanaithe atá a chuid airgeadais phoiblí san fhadtarma, a thábhachtaí atá a ualach fiachais agus an príocal aicídithe, mar thoradh ar theannas tromchúiseach ina earnáil airgeadais, ar a chás buiséadach nó ar earnáil airgeadais de chuid Ballstát eile.

⁽¹⁾ IO L 145, 31.5.2001, lch. 43.

⁽²⁾ IO L 306, 23.11.2011, lch. 25.

Tabharfar an deis don Bhallstát lena mbaineann a dhearcadh a chur in iúl sula nglacann an Coimisiún a chinneadh chun an Ballstát sin a chur faoi réir faireachais fheabhsaithe. Déanfaidh an Coimisiún cinneadh gach sé mhí i dtaobh ar cheart an faireachais feabhsaithe ar an mBallstát sin a fhadú.

2. I gcás ina chinneann an Coimisiún Ballstát a chur faoi réir faireachais fheabhsaithe faoi mhír 1, cuirfidh sé torthaí uile an mheasúnaithe in iúl don Bhallstát lena mbaineann go cúí agus tabharfaidh sé fógra don Bhanc Ceannais Eorpach (BCE), ina cháil mhaoirseachta, na ÚMEanna ábhartha, agus BERS dá réir sin.

3. I gcás ina bhfuil cúnaimh airgeadais á fháil ag Ballstát ar bhonn réamhchúraim ó Bhallstát amháin eile nó ó roinnt Ballstát eile nó ó thríú tír amháin eile nó ó roinnt tríú tíortha eile, ó SásCAE, ó SaorCAE, ó SCE nó ó institiúid airgeadais idirnáisiúnta ábhartha eile, amhail CAI, cuirfidh an Coimisiún an Ballstát sin faoi réir faireachais fheabhsaithe.

Poibleoidh an Coimisiún a chinntí arna nglacadh i gcomhréir le mír 1 agus leis an mír seo.

4. Maidir le Ballstáit a fhaigheann cúnaimh airgeadais ar bhonn réamhchúraim i bhfoirm líne creidmheasa, nach bhfuil de choinníoll ar an mBallstát sin a ghlacann bearta beartais nua a ghlacadh, ní bheidh feidhm ag mír 3 ar choinníoll nach dtarraingítear as an líne chreidmheasa sin.

5. Foilseoidh an Coimisiún liosta de na hionstraimí lena soláthraítear cúnaimh airgeadais réamhchúraim amhail dá dtagraítear i mír 3, chun críocha faisnéise, agus coinneoidh sé cothrom le dáta é chun aird a thabhairt ar athruithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar bheartas tacaíochta airgeadais, SCE, SásCAE, SaorCAE nó institiúid airgeadais idirnáisiúnta ábhartha eile.

Airteagal 3

Faireachas feabhsaithe

1. Déanfaidh Ballstát atá faoi réir faireachais fheabhsaithe, tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoimisiún agus i gcomhar leis, ag gníomhú i gcuibhreann le BCE, ÚMEanna, BERS, agus, i gcás inarb iomchuí, CAI, bearta a ghlacadh a mbeidh sé mar aidhm acu dul i ngleic le húdair deacrachtaí nó le nithe a d'fhéadfadh a bheith ina n-údar deacrachtaí. Agus an méid sin á dhéanamh, tabharfaidh an Ballstát, aird ar aon mholtaí a ndírítear air faoi Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 an 7 Meitheamh 1997 ón gComhairle maidir le riochtaí buiséadacha a neartú agus le faireachas agus comhardú a dhéanamh ar bheartais eacnamaíoch (1), Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 an 7 Iúil 1997 ón gComhairle maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós

imeachta um easnamh iomarcach agus soiléiriú a dhéanamh air (2), nó Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011, maidir lena chlár athchóirithe náisiúnta agus lena chlár chobhsaíochta.

Cuirfidh an Coimisiún, coiste inniúil Pharlaimint na hEorpa, CEA, Gasra Oibre an Ghrúpa Euro agus parlaimint an Bhallstáit lena mbaineann, i gcás inarb iomchuí, agus i gcomhréir leis an gcleachtas náisiúnta, ar an eolas faoin mbeart dá dtagraítear sa chéad fhomhír.

2. Maidir leis an bhfaireachas níos dlúithe ar an staid bhuiséadach atá leagtha síos in Airteagal 10(2), (3) agus (6) de Rialachán (AE) Uimh. 473/2013 ó Pharlaimint an hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2013 maidir le forálacha coiteanna le haghaidh faireacháin agus measúnaithe ar dhréacht-phleananna buiséadacha agus lena n-áirítear easnamh iomarcach na mBallstát sa limistéar euro a cheartú (3) beidh feidhm aige maidir le Ballstát atá faoi réir faireachais fheabhsaithe, beag beann ar easnamh iomarcach a bheith ann sa Bhallstát sin. An tuarascáil arna tarraingt suas i gcomhréir le hAirteagal 10(3) den Rialachán sin, cuirfear isteach ar bhonn ráithiúil í.

3. Arna iarraidh sin don Choimisiún, déanfaidh Ballstát atá faoi réir faireachais fheabhsaithe an méid seo a leanas de bhun Airteagal 2(1):

(a) faisnéis dhí-chomhiomlánaithe a chur chuig BCE ina cháil maoirseachta agus i gcás inarb iomchuí chuig na ÚMEanna ábhartha, i gcomhréir le hAirteagal 35 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 agus de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010, de réir na minicíochta arna hiarraidh ar fhorbairtí ina chóras airgeadais, lena n-áirítear anailís ar thorthaí na dtástálacha struis nó na n-anailísí íogaireachta arna ndéanamh faoi phointe (b) den mhír seo;

(b) tastálacha struis nó anailísí íogaireachta, faoi mhaoirseacht BCE ina cháil mhaoirseachta nó, i gcás inarb iomchuí, faoi mhaoirseacht na ÚMEanna ábhartha, mar is gá chun athléimneacht na hearnála airgeadais a mheasúnú ó thaobh turraingí maicreacnamaíochta agus airgeadais de chineálacha éagsúla, mar a shonróidh an Coimisiún agus BCE, i gcuibhreann leis na ÚMEanna ábhartha agus le BERS;

(c) beidh sé de cheangal air measúnuithe tráthrialta a thíolacadh ar a chumais maoirseachta i dtaobh na hearnála airgeadais faoi chuimsiú athbhreithnithe shonraigh piaraí arna dhéanamh ag BCE, ina cháil maoirseachta, nó, i gcás inarb iomchuí, leis na ÚMEanna ábhartha;

(1) IO L 209, 2.8.1997, lch. 1.

(2) IO L 209, 2.8.1997, lch. 6.

(3) Féach leathanach 11 den Iris Oifigiúil seo.

(d) aon fhaisnéis a theastaíonn chun faireachán a dhéanamh ar mhíchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chur in iúl don Choimisiún i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011.

Ar bhonn na hanailíse ar thorthaí na dtástálacha struis sin agus na hanailísí íogaireachta dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír agus aird á tabhairt ar chonclúidí an mheasúnaithe arna dhéanamh ar tháscairí ábhartha an scóirchláir le haghaidh míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a bunaíodh i Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011, déanfaidh BCE ina cháil maoirseachta agus na ÚMEanna ábhartha, i gcuibhreann le BERS, measúnú ar na leochaileachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann sa chóras airgeadais agus an measúnú sin a chur ar aghaidh chuig an gCoimisiún, a mhínicí a iarrann sé déanamh amhlaidh, agus chuig BCE.

4. Arna iarraidh sin don Choimisiún, déanfaidh Ballstát atá faoi réir faireachais fheabhsaithe an méid seo a leanas de bhun Airteagal 2(3):

(a) faisnéis dhíchomhiomlánaithe a chur chuig an gCoimisiún, chuig BCE, agus i gcás inarb iomchuí chuig ÚMEanna ábhartha, i gcomhréir le hAirteagal 35 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 agus de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010, de réir na minicíochta arna hiarraidh, ar fhorbairtí ina chóras airgeadais, lena n-áirítear anailís ar thorthaí aon tastálacha struis nó anailísí íogaireachta arna ndéanamh faoi phointe (b);

(b) faoi mhaoirseacht BCE, ina cháil maoirseachta, nó, i gcás inarb iomchuí, faoi mhaoirseacht na ÚMEanna ábhartha, tastálacha struis nó anailísí íogaireachta mar is gá chun athléimneacht na hearnála airgeadais a mheánuís ó thaobh turraingí maicreacnamaíocha agus airgeadais de chineálacha éagsúla, mar a shonróidh an Coimisiún agus BCE, i gcuibhreann le ÚMEanna ábhartha agus le BERS, agus na torthaí mionsonraithe a roinnt leo;

(c) beidh sé de cheangal air measúnuithe tráthrialta a thíolacadh ar a cháileanna maoirseachta i dtaobh na hearnála airgeadais faoi chuimsiú athbhreithnithe shonraigh piaraí arna dhéanamh ag BCE, ina cháil mhaoirseachta, nó, i gcás inarb iomchuí, ag na ÚMEanna ábhartha;

(d) aon fhaisnéis a theastaíonn chun faireachán a dhéanamh ar mhíchothromaíochtaí maicreacnamaíocha i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 a chur in iúl.

Coinneoidh an Coimisiún, BCE, agus na ÚMEanna ábhartha aon fhaisnéis dhíchomhiomlánaithe arna cur in iúl dóibh faoi rún.

5. Déanfaidh an Coimisiún, i gcuibhreann le BCE, agus leis na ÚMEanna ábhartha, agus, i gcás inarb iomchuí, le CAI, misin athbhreithnithe thráthrialta sa Bhallstát atá faoi réir faireachais fheabhsaithe chun an dul chun cinn atá déanta ag an mBallstát sin i gcur chun feidhme na mbeart dá dtagraítear i míreanna 1, 2, 3 agus 4 a fhíorú.

Gach ráithe, cuirfidh an Coimisiún a mheasúnú in iúl do choiste inniúil Pharlaimint na hEorpa agus do CEA. Sa mheasúnú sin, scrúdóidh sé ar gá bearta breise, go háirithe.

Déanfar na misin athbhreithnithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír in ionad an fhaireacháin ar an láthair dá bhforáiltear in Airteagal 10a(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1467/97.

6. Agus an measúnú dá dtagraítear i mír 5 á ullmhú, tabharfaidh an Coimisiún aird ar thorthaí aon athbhreithnithe dhomhain faoi Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011, lena n-áirítear meastóireacht ar éifeachtaí iarmharta beartas náisiúnta eacnamaíoch ar an mBallstát faoi réir faireachais fheabhsaithe, i gcomhréir le hAirteagal 5(2) den Rialachán sin.

7. I gcás ina dtiocfaidh an Coimisiún ar an dtáil, ar bhonn na misean athbhreithnithe dá bhforáiltear i mír 5, go bhfuil gá le bearta breise agus go bhfuil éifeachtaí díobhálacha suntasacha ag staid airgeadais agus eacnamaíoch an Bhallstáit lena mbaineann ar chobhsaíocht airgeadais an limistéir euro, nó a chuid Ballstát féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún, a mholadh don Bhallstát lena mbaineann bearta ceartaitheacha réamhchúraim a ghlacadh nó clár coigeartaithe maicreacnamaíoch a ullmhú.

Féadfaidh an Chomhairle a chinneadh a mholadh a phoibliú.

8. I gcás ina bpoiblítear moladh dá dtagraítear i mír 7:

(a) féadfaidh coiste inniúil Pharlaimint na hEorpa deis a thairiscint don Bhallstát lena mbaineann agus don Choimisiún a bheith rannpháirteach i malartú tuairimí;

(b) féadfaidh parlaimint an Bhallstáit lena mbaineann iarraidh ar ionadaithe an Choimisiúin a bheith rannpháirteach i malartú tuairimí;

(c) cuirfidh an Chomhairle coiste ábhartha Pharlaimint na hEorpa ar an eolas in am trátha faoi inneachar an mholta.

9. I gcaitheamh an phróisis faireachais fheabhsaithe, féadfaidh coiste inniúil Pharlaimint na hEorpa agus parlaimint an Bhallstáit lena mbaineann iarraidh ar ionadaithe an Choimisiúin, BCE agus CAI a bheith rannpháirteach i gcomhphlé eacnamaíoch.

Airteagal 4

Tuairisciú i gcás tacaíocht airgeadais d'athchaipitliú institiúidí airgeadais

Tabharfaidh Ballstáit atá faoi réir faireachais fheabhsaithe nó faoi réir clár choigeartaithe maicreacnamaíoch a fhaigheann tacaíocht airgeadais chun a gcuid institiúidí airgeadais a athchaipitliú tuairisc dhá uair sa bhliain do CEA ar na coinníollacha arna bhforchur ar na hinstiúidí airgeadais sin, lena n-áirítear na coinníollacha a bhaineann le luach saothair feidhmiúcháin. Tabharfaidh na Ballstáit sin tuairisc freisin ar na coinníollacha creidmheasa a thairgeann an earnáil airgeadais don fhíorghheilteagar.

Airteagal 5

Faisnéis maidir le hiarrataí ar chúnamh airgeadais arna mbeartú

Maidir le Ballstát a bhfuil sé beartaithe aige cúnaimh airgeadais a iarraidh ó Bhallstát amháin eile nó ó roinnt Ballstát eile nó ó thríú tír amháin eile nó ó roinnt tríú tíortha eile, SCE, SaorCAE, nó institiúid airgeadais idirnáisiúnta ábhartha eile, amhail CAI, cuirfidh sé é sin in iúl láithreach d'Uachtarán na Meithle um Ghrúpa Euro, do chomhalta an Choimisiúin atá freagrach as gnóthaí eacnamaíoch agus airgeadaíochta agus d'Uachtarán BCE.

Tar éis dó measúnú a fháil ón gCoimisiún, déanfaidh Gasra Oibre an Ghrúpa Euro díospóireacht a reáchtáil maidir leis an iarraidh sin atá beartaithe d'fhonn scrúdú a dhéanamh ar, *inter alia*, na féidearthachtaí atá ar fáil faoi na hionstraimí airgeadais atá ann cheana de chuid an Aontais nó an limistéir euro, *inter alia*, sula ndíreoidh an Ballstát lena mbaineann ar iasachtóirí féideartha.

Más rud é go bhfuil sé i gceist ag Ballstát cúnaimh airgeadais a iarraidh ó SásCAE cuirfidh sé a bhfuil i gceist aige a dhéanamh in iúl d'Uachtarán CEA, don chomhalta den Choimisiún atá freagrach as gnóthaí eacnamaíoch agus airgeadaíochta agus d'Uachtarán BCE.

Airteagal 6

Meastóireacht ar inbhuanaitheacht fhiachas an rialtais

I gcás ina n-iarrann Ballstát cúnaimh airgeadais ó SásCAE, SCE nó SaorCAE déanfaidh an Coimisiún — i gcuibhreann le BCE agus más féidir, le CAI — measúnú ar inbhuanaitheacht fhiachas rialtas an Bhallstáit sin agus ar a riachtanais airgeadais iarbhír nó féideartha. Cuirfidh an Coimisiún an measúnú sin faoi bhráid Ghasra Oibre an Ghrúpa Euro más rud é go

bhfuiltear chun an cúnaimh airgeadais a dheonú faoi SCE nó SaorCAE agus chuig CEA más rud é go bhfuiltear chun an cúnaimh airgeadais a dheonú faoi SásCAE.

Bunófar measúnú ar inbhuanaitheacht fhiachas an rialtais ar an gcás maicreacnamaíoch arb é is dóichí a tharlóidh nó ar chás níos stuama agus ar réamhaisnéisí buiséadacha ag úsáid na faisnéise is déanaí atá ar fáil agus aird chuí á tabhairt ar thoradh an tuairiscithe dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 3(3) agus ar aon chúram maoirseachta arna fheidhmiú i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 3(3). Déanfaidh an Coimisiún tionchar turraingí maicreacnamaíoch agus airgeadais agus forbairtí díobhálacha ar inbhuanaitheacht fhiachas an rialtais a mheasúnú freisin.

Poibleoidh an Coimisiún an cás maicreacnamaíoch, lena n-áirítear an cás fáis, na paraiméadair ábhartha a bhuntacaíonn leis an measúnú ar inbhuanaitheacht fhiachas rialtas an Bhallstáit lena mbaineann, agus tionchar measta na mbeart buiséadach comhiomlán ar fhás eacnamaíoch.

Airteagal 7

Clár choigeartaithe maicreacnamaíoch

1. I gcás ina n-iarrann Ballstát cúnaimh airgeadais ó Bhallstát amháin nó níos mó, SásCAE, SCE, SaorCAE, nó CAI, ullmhóidh sé, i gcomhaontú leis an gCoimisiún ag gníomhú i gcuibhreann le BCE agus, i gcás inarb iomchuí, le CAI dréachtchlár choigeartaithe maicreacnamaíoch, ar clár é a dhéanfaidh aon chlár chompháirtíochta eacnamaíochta faoi Rialachán (AE) Uimh. 473/2013 agus lena n-áireofar spriocanna buiséadacha bliantúla, a fhorbairt agus clár a chur ina n-ionad.

Leis an dréachtchlár choigeartaithe maicreacnamaíoch, tabharfar aghaidh ar na priacail shonracha a thagann ón mBallstát sin le haghaidh chobhsaíocht airgeadais sa limistéir euro agus beidh sé mar aidhm aige staid eacnamaíoch agus airgeadais atá fóna agus inbhuanaithe a athbhunú go tapa, agus cumas an Bhallstáit é féin a mhaoiniú go hiomlán ar na margáil airgeadais a athshlánú.

Bunófar an dréachtchlár choigeartaithe maicreacnamaíoch ar an measúnú ar inbhuanaitheacht fhiachas an rialtais dá dtagraítear in Airteagal 6 — a ndéanfar é a thabhairt cothrom le dáta chun tionchar na ndréachtbheart ceartaitheach atá caibidlithe leis an mBallstát lena mbaineann a ionchorprú agus cuirfear san áireamh go cuí aon mholadh atá dírithe ar an mBallstát sin faoi Airteagal 121, Airteagal 126, Airteagal 136, nó Airteagal 148 CFAE agus a ghníomhaíochtaí chun aon mholadh den sórt sin a chomhlíonadh, agus é mar aidhm aige na bearta beartais atá ceangailte a leathnú, a neartú agus a dhoimhniú.

Cuirfear san áireamh sa dréachtchlár choigeartaithe maicreacnamaíoch an cleachtas agus na hinstiúidí d'fhoirmiú pá agus clár athchóirithe náisiúnta an Bhallstáit lena mbaineann i gcomhthéacs straitéis an Aontais d'fhás agus do phoist.

Leis an dréachtchlár coigeartaithe maicreacnamaíocha, urramófar go hiomlán Airteagal 152 CFAE agus Airteagal 28 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Déanfaidh an Coimisiún Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach Choiste inniúil Pharlaimint na hEorpa a chur ar an eolas ó bhéal maidir leis an dul chun cinn atá déanta in ullmhú an dréachtchláir coigeartaithe maicreacnamaíoch. Déileálfar leis an bhfaisnéis sin mar fhaisnéis rúnda.

2. Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún, an clár coigeartaithe maicreacnamaíoch arna ullmhú ag an mBallstát a mbeidh an cúnamh airgeadais á iarraidh aige, a fhorhmeas i gcomhréir le mír 1.

Déanfaidh an Coimisiún a áirithiú go bhfuil an meamram tuisceana arna shíniú ag an gCoimisiún thar ceann SCE nó SásCAE comhsheasmhach leis an gclár coigeartaithe maicreacnamaíoch atá formheasta ag an gComhairle.

3. Déanfaidh an Coimisiún comhsheasmhacht a áirithiú i bpróiseas an fhaireachais eacnamaíoch agus bhuiséadaigh maidir le Ballstát atá faoi chlár coigeartaithe maicreacnamaíoch chun dúbailt oibleagáidí tuairiscithe a sheachaint.

4. Déanfaidh an Coimisiún, i gcuibhreann le BCE agus, i gcás inarb iomchuí, le CAI, faireachán ar an dul chun cinn atá déanta ag Ballstát i gcur chun feidhme a chlár coigeartaithe maicreacnamaíoch.

Gach trí mhí, cuirfidh an Coimisiún CEA ar an eolas maidir le dul chun cinn den sórt sin. Comhoibreoidh an Ballstát lena mbaineann go hiomlán leis an gCoimisiún agus le BCE. Tabharfaidh sé don Choimisiún agus do BCE, go háirithe, an fhaisnéis ar fad a mheasann siad a bheith riachtanach chun faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an chláir choigeartaithe maicreacnamaíoch i gcomhréir le hAirteagal 3(4).

Cuirfidh an Coimisiún Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach choiste inniúil Pharlaimint na hEorpa ar an eolas ó bhéal maidir leis na conclúidí arna mbaint ón gclár coigeartaithe maicreacnamaíoch. Déileálfar leis an bhfaisnéis sin mar fhaisnéis rúnda.

5. Déanfaidh an Coimisiún, i gcuibhreann le BCE agus, i gcás inarb iomchuí, le CAI — scrúdú in éineacht leis an mBallstát lena mbaineann ar na hathruithe agus na nuashonrúcháin a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ar a chlár coigeartaithe maicreacnamaíoch chun aird chúí a thabhairt, *inter alia*, ar aon bhearna shuntasach idir réamhaisnéisí maicreacnamaíocha agus na figiúirí a fuarthas, lena n-áirítear na hiarmhairtí a d'fhéadfadh

a bheith ann mar thoradh ar an gclár coigeartaithe maicreacnamaíoch, ar éifeachtaí iarmharta codarsnacha agus ar thurraingí maicreacnamaíocha agus airgeadais. Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún, cinneadh maidir le haon athrú atá le déanamh ar an gclár sin.

6. Déanfaidh an Ballstát lena mbaineann, i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún, a bhreithniú i dtaobh an nglacfar na bearta go léir is gá chun a iarraidh ar infheistoirí príobháideacha a nochtadh foriomlán a choimeád ar bhonn saorálach.

7. I gcás ina n-aibhsítear san fhaireachán dá dtagraítear i mír 4 dialltaí suntasacha ó chlár coigeartaithe maicreacnamaíoch Ballstáit, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún, a chinneadh nach gcomhlíonann an Ballstát i gceist na ceanglais bheartais atá ina chlár. Déanfaidh an Coimisiún, ina thogra, a mheasúnú go sainráite cibé an bhfuil dialltaí suntasacha den sórt sin ann i ngeall ar chúiseanna atá lasmuigh de rialú an Bhallstáit lena mbaineann.

Déanfar leis na hiarrachtaí um chomhdhlúthú buiséadach a leagtar amach sa chlár coigeartaithe maicreacnamaíoch aird a thabhairt ar an ngá chun a áirithiú go bhfuil dóthain acmhainní ann do bheartais bhunúsacha amhail oideachas agus cúram sláinte.

I gcás ina ndéantar cinneadh faoin mhír seo, déanfaidh an Ballstát lena mbaineann, i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún agus i gcuibhreann le BCE, agus i gcás inarb iomchuí le CAI, bearta a ghlacadh a bheidh dírithe ar na margaí a chobhsú agus dea-fheidhmiú a earnála airgeadais a chaomhnú.

8. Ballstát atá faoi réir cláir de choigeartuithe maicreacnamaíocha agus nach bhfuil acmhainn riaracháin leordhóthanach aige nó a bhfuil fadhbanna suntasacha aige maidir le cur chun feidhme an chláir, iarfaidh sé cúnamh teicniúil ar an gCoimisiún, arb é a d'fhéadfadh a bheith ann, chun na críche sin, grúpaí saineolaithe arna gcomhdhéanamh de chomhaltaí ó Bhallstáit eile agus ó institiúidí eile Aontais nó ó institiúidí idirnáisiúnta ábhartha. Beidh cuspóirí agus meáin an chúnaimh theicniúil rianta go sainráite sna leaganacha nuashonraithe den chlár coigeartaithe maicreacnamaíoch agus díreoidh siad ar an réimse ina mbeidh mór-riachtanais sainaitheanta. Féadfar a áireamh leis an gcúnamh teicniúil ionadaí cónaitheach agus foireann tacaíochta chun comhairle a chur ar na húdaráis maidir le cur chun feidhme an chláir.

Déanfar an clár coigeartaithe maicreacnamaíoch, lena n-áirítear a chuspóirí agus dáileadh measta na hiarrachta coigeartaithe, a phoibliú.

Cuirfear conclúidí mheasúnú inbhunaitheacht an fhiachais rialtais i gceangal leis an gclár coigeartaithe maicreacnamaíoch.

9. Déanfaidh Ballstát atá faoi réir cláir coigeartuithe maicreacnamaíoch iníúchadh cuimsitheach ar a airgeadas poiblí chun *inter alia* na cúiseanna ar taibhíodh leibhéil méadaitheach iomarcacha fiachais chomh maith le haon neamhrialtacht a d'fhéadfadh a bheith ann a rianú.

10. Féadfaidh an coiste inniúil de chuid Pharlaimint na hEorpa an deis a thairiscint don Bhallstát lena mbaineann agus don Choimisiún páirt a ghlacadh i malartú tuairimí maidir leis an dul chun cinn atá déanta i gcur chun feidhme an chláir coigeartaithe maicreacnamaíoch.

11. Féadfaidh parlaimint an Bhallstáit lena mbaineann iarraidh ar ionadaithe ón gCoimisiún páirt a ghlacadh i malartú tuairimí maidir leis an dul chun cinn atá déanta i gcur chun feidhme a chlár coigeartaithe maicreacnamaíoch.

12. Ní bheidh feidhm ag an Airteagal seo maidir le hionstraimí a sholáthraíonn cúnaimh airgeadais ar bhonn réamhchúraim, maidir le hiasachtaí a dhéantar chun institiúidí airgeadais a athchaipitliú, nó maidir le haon ionstraim nua airgeadais SCE nach bhforáiltear do chlár coigeartaithe maicreacnamaíoch ina leith le rialacha SCE.

Chun críocha faisnéise, bunóidh an Coimisiún liosta de na hionstraimí cúnaimh airgeadais dá dtagraítear sa chéad fhomhír agus déanfaidh sé é a choinneáil cothrom le dáta chun aird a thabhairt ar athruithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar bheartas tacaíochta airgeadais SCE.

Maidir leis na hionstraimí sin, déanfaidh an Chomhairle — ag gníomhú di ar mhóladh ón gCoimisiún — trí chinneadh a bheidh dírithe ar an mBallstát lena mbaineann, na príomhcheanglais beartais, a mbeidh beartaithe ag SCE nó ag ESFM iad a áireamh sa choinníollacht dá thacaíocht airgeadais, sa mhéid a thig inneachar na mbeart sin faoi inniúlacht an Aontais mar a leagtar síos leis na Conarthaí é.

Déanfaidh an Coimisiún a áirithiú go bhfuil an meamram tuisceana arna shíniú ag an gCoimisiún thar ceann SCE nó SaorCAE ag teacht go hiomlán le cinneadh den sórt sin ón gComhairle.

Airteagal 8

Rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta agus na sochaí sibhialta

Iarrfaidh Ballstát tuairimí na gcomhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí ábhartha na sochaí sibhialta nuair a bheidh dréachtchlár coigeartaithe maicreacnamaíoch á ullmhú aige, d'fhonn rannchuidiú le comhthoil a chruthú faoina inneachar.

Airteagal 9

Bearta chun ioncam cánach a choimirciú

Déanfaidh Ballstát, i gcás inar gá sin, bearta a dhéanamh i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún agus i gcuibhreann le BCE agus i gcás inarb iomchuí le CAI, agus é mar aidhm leo éifeachtúlacht agus éifeachtacht an chumais bailithe ioncaim agus an comhrac i gcoinne na calaoise cánach agus na himghabhála cánach a athneartú agus d'fhonn a ioncam fíoscach a mhéadú.

Airteagal 10

Comhsheasmhacht leis an gComhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis

1. I gcás ina bhfuil Ballstát faoi réir cláir coigeartaithe maicreacnamaíoch agus na n-athruithe air faoi Airteagal 7 den Rialachán seo, beidh sé díolmhaithe ó chlár cobhsaíochta a thíolacadh faoi Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1466/97, agus déanfar a bhfuil i gclár cobhsaíochta den chineál sin a chomhtháthú i gclár coigeartaithe maicreacnamaíoch.

2. I gcás ina bhfuil Ballstát atá faoi réir cláir coigeartaithe maicreacnamaíoch, ina theannta sin, faoi réir mholta faoi Airteagal 126(7) CFAE nó faoi réir chinneadh foláireamh a thabhairt faoi Airteagal 126(9) CFAE i ndáil le heasnamh iomarcach a cheartú:

(a) beidh sé díolmhaithe, de réir mar is iomchuí, ó na tuarascálacha faoi Airteagal 3(4a) agus in Airteagal 5(1a) de Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 a thíolacadh;

(b) na spriocanna bliantúla buiséid i ngach clár coigeartaithe maicreacnamaíoch, déanfar iad a lánpháirtiú sa mhóladh nó sa chinneadh foláireamh a thabhairt i gcomhréir le hAirteagal 3(4) agus le hAirteagal 5(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1467/97. agus, i gcás ina bhfuil an Ballstát lena mbaineann faoi réir cinnidh foláireamh a thabhairt faoi Airteagal 126(9) CFAE, déanfar na bearta a chuideoidh na spriocanna sa chlár coigeartaithe maicreacnamaíoch a lánpháirtiú sa chinneadh foláireamh a thabhairt i gcomhréir le hAirteagal 5(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1467/97;

(c) maidir leis an bhfaireachán dá bhforáiltear in Airteagal 7(4) den Rialachán seo, beidh sé díolmhaithe ón bhfaireachán faoi Airteagal 10(1) agus Airteagal 10a de Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 agus ón bhfaireachán atá mar bhunús le haon chinneadh faoi Airteagal 4(2) agus Airteagal 6(2) den Rialachán sin.

*Airteagal 11***Comhsheasmhacht le Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011**

I gcás ina bhfuil Ballstáit faoi réir cláir coigeartaithe maicreacnamaíoch, ní bheidh feidhm ag Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 maidir leis an mBallstát sin ar feadh ré an chláir sin, ach amháin go ndéanfar na táscairí sa scórchlár arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 a lánpháirtiú i bhfaireachán an chláir sin.

*Airteagal 12***Comhsheasmhacht leis an Seimeastar Eorpach chun beartas eacnamaíoch a chomhordú**

I gcás ina bhfuil Ballstáit faoi réir cláir coigeartaithe maicreacnamaíoch, beidh sé díolmhaithe ó fhaireachán agus ó mheasúnú an tSeimeastair Eorpaigh chun beartas eacnamaíoch a chomhordú faoi Airteagal 2-a de Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ar feadh ré an chláir sin.

*Airteagal 13***Comhsheasmhacht le Rialachán (AE) Uimh. 473/2013**

I gcás ina bhfuil Ballstát faoi réir cláir coigeartaithe maicreacnamaíoch, ní bheidh feidhm ag Rialachán (AE) Uimh. 473/2013 maidir leis an mBallstát sin ar feadh ré an chláir sin, cé is moite d'Airteagal 1 go hAirteagal 5 agus d'Airteagal 13 go hAirteagal 18 den Rialachán sin.

*Airteagal 14***Faireachas iarchláir**

1. Beidh Ballstát faoi fhaireachas iarchláir a fhad is nach bhfuil íosmheid 75 % den chúnamh airgeadais a fuair sé ó Bhallstát eile amháin nó níos mó, ó SásCAE, ó SCE nó ó SaorCAE aisíoctha. Féadfaidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún ré an fhaireachais iarchláir a shíneadh i gcás priacal marthanach maidir le cobhsaíocht airgeadais nó maidir le hinbhuanaitheacht bhuiséadach an Bhallstáit lena mbaineann. Measfar an togra ón gComhairle a bheith glactha ach amháin má chinneann an Chomhairle, trí thromlach cáilithe, diúltú dó laistigh de 10 lá ón tráth ar ghlac an Coimisiún é.

2. Arna iarraidh sin don Choimisiún, comhlíonfaidh an Ballstát atá faoi fhaireachas iarchláir na ceanglais faoi Airteagal 3(3) den Rialachán seo agus soláthróidh sé an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 10(3) de Rialachán (AE) Uimh. 473/2013.

3. Déanfaidh an Coimisiún, i gcuibhreann le BCE, misin athbhreithnithe thráthrialta sa Bhallstát atá faoi fhaireachas

iarchláir chun a staid eacnamaíoch, bhuiséadach agus airgeadais a mheasúnú. Gach sé mhí, cuirfidh sé a mheasúnú in iúl do choiste inniúil Pharlaimint na hEorpa, do CEA agus do pharlaimint an Bhallstáit lena mbaineann agus déanfaidh sé measúnú, go háirithe, i dtaobh an gá bearta breise.

Féadfaidh an coiste inniúil de chuid Pharlaimint na hEorpa deis a thabhairt don Bhallstát lena mbaineann páirt a ghlacadh i malartú tuairimí maidir leis an dul chun cinn atá déanta faoi fhaireachas iarchláir.

4. Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di ar thogra ón gCoimisiún, moladh do Bhallstát atá faoi fhaireachas iarchláir bearta ceartaitheacha a ghlacadh. Measfar an togra ón gComhairle a bheith glactha ach amháin má chinneann an Chomhairle, trí thromlach cáilithe, diúltú dó laistigh de 10 lá ón tráth ar ghlac an Coimisiún é.

5. Féadfaidh parlaimint an Bhallstáit lena mbaineann a iarraidh ar ionadaithe ón gCoimisiún páirt a ghlacadh i malartú tuairimí maidir le faireachas iarchláir.

*Airteagal 15***Vótáil laistigh den Chomhairle**

I gcás na mbeart dá dtagraítear sa Rialachán seo, ní vótálfadhaidh ach comhaltaí den Chomhairle a dhéanann ionadaíocht thar ceann Ballstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu agus gníomhóidh an Chomhairle gan vóta an chomhalta sin den Chomhairle a dhéanann ionadaíocht thar ceann an Bhallstáit lena mbaineann a chur san áireamh.

Déanfar tromlach cáilithe chomhaltaí na Comhairle dá dtagraítear sa chéad mhír a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 238(3)(a) CFAE.

*Airteagal 16***Cur i bhfeidhm i ndáil le Ballstáit a fhaigheann cúnamh airgeadais**

Maidir le Ballstáit atá ag fáil cúnamh airgeadais an 30 Bealtaine 2013 beidh siad faoi réir an Rialacháin seo amhail ón dáta sin.

*Airteagal 17***Forálacha idirthréimhseacha**

D'ainneoin Airteagal 14, beidh Ballstáit atá faoi fhaireachas iarchláir an 30 Bealtaine 2013 faoi réir na rialacha, na coinníollacha agus na nósanna imeachta um fhaireachas iarchláir is infheidhme maidir leis an gcúnamh airgeadais as a mbaineann siad tairbhe.

*Airteagal 18***Parlaimint na hEorpa a chur ar an eolas**

Féadfaidh Parlaimint na hEorpa a iarraidh ar ionadaithe ón gComhairle agus ón gCoimisiún dul i mbun comhphlé maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo.

*Airteagal 19***Tuarascálacha**

Faoin 1 Eanáir 2014 agus gach cúig bliana ina dhiaidh sin, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a mbeidh, nuair is iomchuí, togra chun an Rialachán seo a leasú ag gabháil leis. Déanfaidh an Coimisiún an tuarascáil sin a phoibliú.

Déanfaidh na tuarascála dá dtagraítear sa chéad fhomhír meastóireacht, *inter alia*, ar na nithe seo a leanas:

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile is go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh in Strasbourg an 21 Bealtaine 2013.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán
M. SCHULZ

(a) éifeachtacht an Rialacháin seo;

(b) dul chun cinn atá á dhéanamh chun comhordú níos dlúithe i leith beartas eacnamaíoch agus cóineasú marthanach i bhfeidhmíocht eacnamaíoch na mBallstát a áirithiú i gcomhréir le CFAE;

(c) rannchuidiú an Rialacháin seo maidir le straitéis an Aontais d'fhás agus do phoist a chur i gcrích

*Airteagal 20***Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
L. CREIGHTON